Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

Fógra Tábhachtach

Is le pá-ordú a dhéanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) íocaíochtaí leis na scoileanna agus leis na coistí gairmoideachais uile, aisíocaíochtaí na dtáillí achomhairc san áireamh.

Cuireadh in iúl do CSS go bhfuil an pá-ordú le cur ar ceal mar mhodh íocaíochta ó lár 2013 amach faoi Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2011.

Tá sé i gceist ag CSS na híocaíochtaí go léir a dhéanamh le Ríomhaistriú Airgid (EFT) ó Eanáir 2013 ar aghaidh, mar a luaitear i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh).

D'fhonn ullmhú dó sin, comhlánaigh an fhoirm atá leis seo, le do thoil, agus seol ar ais í chuig Rannóg an Airgeadais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, agus í marcáilte le 'Scoileanna/Coistí Gairmoideachais'.

Rannóg an Airgeadais
Coimisiún na Scrúduithe Stáit

30 Samhain 2012